Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Deireadh Fómhair 2018
(OR. it, en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0328 (COD)**

13598/18
ADD 1

CODEC 1810
ECO 91
AGRILEG 174
SAN 354

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 maidir le suíomh na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

**Ráiteas ón gComhairle maidir le ÚBE/EMA**

"Á mheabhrú di an gealltanas a thug Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le comhar dílis agus trédhearcach, agus i bhfianaise an próiseas a leanadh maidir le hathshuí EMA agus ÚBE, a bhain go sonrach leis an gcás i gceist agus nach raibh ina fhasach do ghníomhaireachtaí a shuí amach anseo,

Agus na Conarthaí á meabhrú di, aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá malartú feabhsaithe faisnéise ón gcéad chéim i gcás na nósanna imeachta a bheidh ann amach anseo maidir le gníomhaireachtaí a shuí.

Agus luathmhalartú faisnéise ar bun, is éasca a bheadh sé do na trí institiúid a gcearta a fheidhmiú de réir na gConarthaí trí na nósanna imeachta gaolmhara.

Tugann an Chomhairle dá haire an iarraidh a rinne Parlaimint na hEorpa go ndéanfaí athbhreithniú, a luaithe is féidir, ar an Ráiteas Comhpháirteach agus Cur Chuige Coiteann maidir le Gníomhaireachtaí Díláraithe ó 2012. Mar chéad chéim, iarrann sí ar an gCoimisiún anailís chuimsitheach a chur ar fáil, faoi mhí Aibreán 2019, maidir le cur chun feidhme an Ráitis Chomhpháirtigh agus Cur Chuige Coiteann maidir le gníomhaireachtaí díláraithe a shuí. Bheadh anailís den sórt sin mar bhonn chun measúnú a dhéanamh ar an mbealach is fearr le tabhairt faoi athbhreithniú den sórt sin."

**<u>Ráiteas ón Iodáil</u>**

Ní féidir leis an Iodáil tacú leis an togra lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 maidir le suíomh na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí. Mar a léiríodh sa chaingean a cuireadh faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 30 Eanáir 2018 (Cás C-59/18), measann Rialtas na hIodáile i leith an chinnidh sin, a glacadh ar imeall an chruinnithe a bhí ar siúl an 20 Samhain 2017 ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile di i bhfoirmíocht Gnóthaí Ginearálta na Comhairle, gur mí-úsáid cumhachtaí a bhí ann nuair a roghnaíodh Amstardam mar shuíomh nua na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí, toisc nár rinneadh fiosrúchán leormhaith agus toisc gur cuireadh casadh ar na fíricí rudaí a d'fhág an fhaisnéis míchruinn nó mícheart i leith na ngnéithe a bhain leis an suíomh nua in Amstardam agus leis an tréimhse ama a ceapadh le go mbeadh an foirgneamh nua i seirbhís. Is léir an méid sin ó tá an t-athlonnú go dtí áitreabh an tsuímh nua (Foirgneamh Vivaldi) le dul ar aghaidh ar an 16 Samhain 2019 seachas ar an1 Aibreán 2019 mar a cuireadh in iúl sa tairiscint ón Ísiltír agus mar a sonraíodh i dtuarascáil an Choimisiúin. Ina theannta sin, ní bheidh an t-ionad comhdhála nua, atá riachtanach do phríomhghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta, ullamh ar an 1 Aibreán 2019 mar a bhí beartaithe ar dtús, beidh sé i seirbhís ag an am céanna leis an bhfoirgneamh nua, i.e. ón 16 Samhain 2019 amach.